Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2026
(OR. en)

16481/26

FISC 437
ECOFIN 1578

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 630 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Seachain an Bhearna 2026: Borradh a chur faoin airgeadas poiblí trí iarrachtaí comhpháirteacha chun bearnaí cánach a laghdú agus chun an comhlíonadh a fheabhsú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 630 final.

Faoi iamh: COM(2026) 630 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.11.2026
COM(2026) 630 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

Seachain an Bhearna 2026: Borradh a chur faoin airgeadas poiblí trí iarrachtaí comhpháirteacha chun bearnaí cánach a laghdú agus chun an comhlíonadh a fheabhsú

{SWD(2026) 1201 final} - {SWD(2026) 1202 final} - {SWD(2026) 1203 final} - {SWD(2026) 1204 final} - {SWD(2026) 1205 final} - {SWD(2026) 1206 final} - {SWD(2026) 1207 final} - {SWD(2026) 1208 final} - {SWD(2026) 1209 final} - {SWD(2026) 1210 final} - {SWD(2026) 1211 final} - {SWD(2026) 1212 final} - {SWD(2026) 1213 final} - {SWD(2026) 1214 final} - {SWD(2026) 1215 final} - {SWD(2026) 1216 final} - {SWD(2026) 1217 final} - {SWD(2026) 1218 final} - {SWD(2026) 1219 final} - {SWD(2026) 1220 final} - {SWD(2026) 1221 final} - {SWD(2026) 1222 final} - {SWD(2026) 1223 final} - {SWD(2026) 1224 final} - {SWD(2026) 1225 final} - {SWD(2026) 1226 final} - {SWD(2026) 1227 final} - {SWD(2026) 1228 final}

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

Seachain an Bhearna 2026: Borradh a chur faoin airgeadas poiblí trí iarrachtaí comhpháirteacha chun bearnaí cánach a laghdú agus chun an comhlíonadh a fheabhsú

1. Réamhrá

Ní mór don Eoraip infheistíocht a dhéanamh chun a cumais chosanta a neartú, chun dlús a chur leis an digiteáil agus leis an aistriú glas, agus chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus faoin iomaíochas. Mar sin féin, tá brú mór ar na buiséid náisiúnta i roinnt Ballstát, rud a fhágann nach bhfuil mórán spáis fhioscaigh ann d'infheistíochtaí criticiúla([1]) .

D'ainneoin sin, caillltear os cionn EUR 200 billiún in ioncam cánach san Aontas gach bliain, méid a mheastar ar bhonn na mbearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh, atá coibhéiseach le thart ar 1 % de OTI an Aontais. I gcás cáin bhreisluacha (CBL) aisti féin, is é atá sa mhéid sin caillteanas measta thart ar EUR 125 bhilliún nó 9,5 % de na dliteanais CBL iomlána in 2023. I gcás cáin ioncaim chorparáideach (CIC), is é atá sna caillteanais mheasta le haghaidh gach ceann de na Ballstáit beagnach EUR 50 billiún nó 9,2 % den ioncam CIC arna bhailiú([2])**.** Is ioncam é sin atá dlite ach atá gan bailiú fós mar gheall ar chineálacha áirithe imghabhála cánach, seachanta cánach, easnamh riaracháin nó earráidí neamhbheartaithe. Tá sé deacair bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a thomhas iontu féin, agus, maidir leis na meastacháin atá ar fáil, is mór eatarthu ó thaobh a gcumhdaigh, a modheolaíochta agus an mhéid éiginnteachta a bhaineann leo ([3]) . Is é is dócha gur meastacháin choimeádacha iad sin toisc nach ngabhtar leo gach catagóir de chaillteanais ioncaim cánach, mar shampla, caillteanais chánach a thagann as pleanáil ionsaitheach cánach trasteorann nó as aistriú idirnáisiúnta brabúis. Léiríonn siad gur féidir gnóthachain nach beag a dhéanamh trí infheistiú i dtomhas níos fearr agus i mbearta chun an comhlíonadh cánach a fheabhsú. Dá ndéanfaí fiú cuid den ioncam sin atá in easnamh a aisghabháil, chuideofaí leis an mbrú ar an airgeadas

[1] Leagtar amach faisnéis, modhanna agus sonraí tírshonracha i ndoiciméid inmheánacha oibre SWD(2026) 1201 go SWD(2026) 1228. de chuid an Choimisiúin.

[2] Cuirtear CBL agus CIC i dtábhacht anseo mar shamplaí a bhfuil meastacháin sách stóinseach ar fáil ina leith ar fud an Aontais. Tarlaíonn bearnaí comhlíonta i gcánacha eile freisin, lena n-áirítear cáin ioncaim phearsanta agus cánacha ar rachmas aonair, ach tá na meastacháin atá ar fáil ina leith níos ilroinnte agus ní áirítear iad sna figiúirí comhiomlána a chuirtear i láthair anseo.

[3] Thairis sin, mar gheall ar amlínte eisiúna na dtacar sonraí náisiúnta atá ina mbonn leis an meastachán ar bhearnaí cánach, is iondúil go mbaineann na meastacháin is déanaí atá ar fáil i mbliain ar leith le 2 bhliain nó 3 bliana roimhe sin. Tá raon idir 0,7 % agus 25 % den OTI ag baint leis na meastacháin ar mhéid an gheilleagair neamhbhreathnaithe i ngach Ballstát.

poiblí a mhaolú agus chruthófaí spás breise le haghaidh infheistíochta gan cánacha nua a thabhairt isteach ná rátaí cánach atá ann cheana a ardú.

Mar gheall ar gheilleagar dubh mór agus rialacha casta cánach, is dúshlán é tuiscint a fháil ar na nithe a spreagann bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh ar fud an Aontais, ach tá sé tábhachtach, san am céanna, an tuiscint sin a fháil. Tá gníomhaíocht nach beag i roinnt Ballstát maidir leis an ngeilleagar dubh, agus baineann sé sin an bonn den chomhlíonadh cánach. Is féidir ardú ar na costais chomhlíontachta, earráidí nó seachaint cánach, agus méid mór ioncaim tharscaoilte a bheith mar thoradh ar fhorálacha cánach agus socruithe trasteorann atá ag éirí níos casta de réir a chéile. Rud eile a dhéanann difear don chomhlíonadh cánach is ea dearcthaí maidir le cothroime agus éifeachtúlacht an chórais cánach, agus an ualaigh cánach fhoriomláin. Tá na tosca sin éagsúil ó thír go chéile. Cuidíonn rannpháirtíocht éifeachtach idir riaracháin chánach agus cáiníocóirí le timpeallacht iontaofa, thrédhearcach agus thacúil a chur chun cinn, agus fágann sé sin go gcuirtear feabhas ar an gcomhlíonadh agus go neartaítear feidhmiú, comhtháthú agus iomaíochas an mhargaidh inmheánaigh.

Chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí don airgeadas poiblí, ní mór do na Ballstáit a bheith ar an eolas faoi mhéid a mbearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh. Ní cleachtadh teicniúil amháin é bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh agus a bhforbairt le himeacht ama a chainníochtú — is cuidiú é chun na húdaráis a chur ar an eolas faoin gcaoi le feabhas a chur ar iarrachtaí forfheidhmiúcháin agus comhlíonta. Cuidíonn na meastacháin sin le rioscaí a shainaithint, le hidirghabhálacha a spriocdhíriú, le hacmhainní a leithdháileadh agus le straitéisí maidir le comhlíonadh a bheachtú. Dá bhrí sin, is uirlis um bainistiú straitéiseach í an anailís ar bhearnaí cánach, lena gcuirfear borradh faoin leibhéal ioncaim a bhaileofar.

Is é atá i gcaiteachais chánach bearnaí cánach arna spreagadh ag beartais. Tuairiscíonn Ballstáit an Aontais go bhfuil thart ar EUR 750 billiún d'ioncam tarscaoilte in aghaidh na bliana acu ó chaiteachas cánach (méid a bhí cothrom le 4 % de OTI an Aontais in 2025), cé nach mór a bheith faichilleach leis an bhfigiúr sin ([4]). Áirítear ar chaiteachais chánach, mar shampla, rátaí cánach laghdaithe, díolúintí cánach le haghaidh earnálacha áirithe, creidmheasanna cánach nó dreasachtaí cánach eile. Céim ríthábhachtach is ea faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na caiteachais chánach sin. Murab ionann agus caiteachas díreach, is minic a dhaingnítear caiteachais chánach sa chóras cánach le himeacht ama agus is féidir leo brú an-mhór a chur ar bhuiséid náisiúnta. Os a choinne sin, le dreasachtaí cánach dea-dhírithe — amhail na dreasachtaí a mholtar faoin gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan nó faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta — is féidir tacú le spriocanna beartais ríthábhachtacha amhail an nuálaíocht nó an t-aistriú glan. Sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le dreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, leagtar amach prionsabail i ndáil le dearadh éifeachtach creidmheasanna cánach agus dímheas luathaithe, lena n-áirítear moladh

[4] Ní mór a bheith faichilleach leis an bhfigiúr sin toisc go ndéanann sé iomláin tíortha ó bhlianta éagsúla, nach bhfuil an chiall chéanna leo, a chomhiomlánú. Tá éagsúlacht sa tuairisciú ar chaiteachas cánach ó thaobh raon feidhme de, agus tá difríocht mhór idir tagarmharcanna a mhéid a dhiúltaíonn údaráis náisiúnta don chomhiomlánú, fiú ar an leibhéal náisiúnta. Is ó GTED a thagann na meastacháin náisiúnta ar ioncam tarscaoilte.

do na Ballstáit meastóireacht a dhéanamh go tráthrialta ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar ([5]).

Tá riaracháin chánach nua-aimseartha shonraíbhunaithe fíor-riachtanach chun na bearnaí cánach a laghdú agus chun an comhlíonadh a fheabhsú. Tá go leor Ballstát ag dul i ngleic le comhlíonadh atá ag laghdú, fiachas cánach atá ag dul i méid, córais dhigiteacha ilroinnte, agus idirbhearta trasteorann atá ag éirí níos casta. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá gá le riaracháin chánach shonraíbhunaithe atá réidh don todhchaí agus atá in ann neamhchomhlíonadh a bhrath go luath, comhlíonadh deonach a éascú, agus aisghabháil thráthúil dliteanas cánach gan íoc a áirithiú. Is gnéithe den ríthábhacht iad infheistíochtaí in uirlisí digiteacha, i gcórais chomhtháite, i bpróiseáil sonraí fíor-ama, in acmhainneacht bailithe agus aisghabhála cánach níos láidre agus i gcomhar trasúdaráis.

Is uirlis straitéiseach í an teachtaireacht 'Seachain an Bhearna' agus na 27 gcomhad tíre a ghabhann léi chun feabhas a chur ar chórais chánach agus ar chomhlíonadh cánach ar fud an Aontais. I ndeireadh na dála, is é is aidhm don tionscnamh cuidiú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh, an bailiú cánach a bharrfheabhsú, agus rialachas na gcaiteachas cánach a dhéanamh níos doichte. Tathantaítear ar na Ballstáit leis freisin bearnaí arb é beartais is cúis leo a thuairisciú, a mheas agus a chuíchóiriú go tráthrialta — go háirithe i gcás inar theip ar chaiteachais chánach luach ar airgead a sholáthar. Anuas ar chuidiú leis na Ballstáit bearnaí a athbhreithniú agus a chúngú, agus an chaoi a mbailítear cánacha a nuachóiriú, baintear tairbhe leis an tionscnamh seo as dea-thorthaí an chomhair riaracháin, rud a chuireann ar a gcumas do na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile chun torthaí a thagarmharcáil agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt, trí chlár oibre athchóirithe réamhbhreathnaitheach.

Leis an teachtaireacht déantar measúnú ar dhúshláin a bhaineann le bearnaí cánach agus sainaithnítear gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt orthu. Ar an gcéad dul síos, déantar measúnú léi ar na dúshláin atá roimh na Ballstáit nuair a dhéanann siad bearnaí cánach a thomhas, agus nuair a dhéanann siad faireachán agus meastóireacht orthu, agus nuair a fhéachann siad, dá bharr sin, leis na léargais a eascraíonn as sin a chomhtháthú in oibríochtaí an riaracháin cánach, an tráth céanna lena n-iarrachtaí chun na gníomhaíochtaí digiteála agus bailithe a neartú. Ina dhiaidh sin, cuirtear sraith gníomhaíochtaí chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon (lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an leibhéal fonáisiúnta) ([6]). I ndeireadh na dála, le gníomhaíocht chomhordaithe, mar aon le dlúthchomhar ar gach leibhéal, is féidir leibhéil chomhlíonta níos airde agus beartais chánach níos éifeachtaí a chur ar fáil, agus is féidir an

[5] Moladh ón gCoimisiún maidir le dreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus i bhfianaise an Chreata Státchabhrach i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, C(2025) 4319 final, https://commission.europa.eu/document/download/f4718f39-19cc-42a4-9a9f-48acb824dc4f_en?filename=C_2025_4319_1_EN_ACT_part1_v6.pdf,

[6] I roinnt Ballstát, is iad stáit agus réigiúin chónasctha nó rialtais áitiúla a ghearrann, a riarann agus a bhailíonn cánacha freisin, agus a dheonaíonn caiteachais chánach.

bailiú ioncaim a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin, cuidiú leis an spás fioscach a bhfuil gá leis a chruthú chun tacú le hinfheistíocht straitéiseach.

2. Ó Thomhas go Comhtháthú: Measúnú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát

2.1 Beart: Tomhas na mbearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a neartú

Chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cánach leanúnacha i ndáil le comhlíonadh, tá gá le hinfheistíocht níos mó in eolas, i sonraí agus i gcumais anailíseacha. Cé go bhfuil méadú ag teacht ar an líon Ballstát a dhéanann meastachán ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh, níl ach roinnt díobh tar éis cláir mheastacháin chuimsitheacha a chur ar bun lena gcumhdaítear roinnt cineálacha cánach ([7]). Tá an anailís ar bhearnaí cánach comhtháthaithe ag an Danmhairg, an tSualainn, an Iodáil agus an Ísiltír i mbainistiú riosca an neamhchomhlíonta, agus úsáideann siad na torthaí chun bonn eolais a chur faoin mbeartas fioscach, chun rioscaí an neamhchomhlíonta a shainaithint, chun idirghabhálacha a spriocdhíriú, chun acmhainní a leithdháileadh agus chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht straitéisí maidir le comhlíonadh. Maidir le Ballstáit eile, amhail an Fhrainc, an Pholainn agus an Eastóin, i measc Ballstáit eile, níl an acmhainneacht sin forbartha acu ach le déanaí nó ní dhéanann siad meastachán córasach go fóill ar a mbearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh.

Léiríonn taithí na mBallstát gur tacaíocht do thorthaí comhlíonta níos fabhraí iad iarrachtaí cuimsitheacha chun meastacháin a dhéanamh ar bhearnaí cánach. Ballstáit a bhfuil cláir sheanbhunaithe agus dhea-fhorbartha um bearnaí cánach acu, amhail an Danmhairg, an Iodáil, an tSualainn agus an Ísiltír([8]), is iondúil go mbíonn bearnaí cánach réasúnta beag i ndáil le comhlíonadh acu, sin nó bhí siad in ann na bearnaí a laghdú le himeacht ama. Mar shampla, tá an Ísiltír tar éis a sraith straitéisí anailíseacha a leathnú trí fhianaise iniúchóireachta a chomhcheangal le taighde iompraíochta. Na léargais ón anailís sin, cuidíonn siad leis an riarachán cánach bearta coisctheacha spriocdhírithe a dhearadh agus comhlíonadh deonach a fheabhsú. Tá clár ardfhorbartha tomhais comhlíonta cánach ag an Danmhairg, atá bunaithe ar shonraí iniúchóireachta fairsinge agus a chuidíonn le cineál an neamhchomhlíonta i dtionscail trí chéile a shainaithint. Príomhghné de na cláir sa tSualainn agus i mBallstáit eile is ea úsáid chórasach iniúchtaí randamacha agus iniúchtaí

[7] ECFE (2024), *Tax Administration 2024: Comparative Information on OECD and other Advanced and Emerging Economies* [Riarachán Cánach 2024: Faisnéis Chomparáideach faoi ECFE agus faoi Gheilleagair Ardfhorbartha eile agus Geilleagair eile atá ag Teacht Chun Cinn], OECD Publishing, Páras, https://doi.org/10.1787/2d5fba9c-en.

[8] Cuireann an Ísiltír suirbhéanna iniúchóra agus sonraí iniúchóireachta i dteannta a chéile chun tuiscint níos fearr a fháil ar na nithe is cúis leis an neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear ról na castachta, easpa eolais agus earráidí comhairleoirí. Úsáideann an Danmhairg sonraí ar leibhéal earnálacha agus sonraí iniúchtaí randamacha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh. Sa dá chás, cuidíonn na léargais sin le hiarrachtaí maidir le comhlíonadh a spriocdhíriú agus tacaíonn siad le comhlíonadh deonach.

rioscabhunaithe i measc grúpaí éagsúla cáiníocóirí ([9]) . Gan cúisíocht dhíreach a chruthú, tugann sé sin le fios gur féidir, le meastachán tráthrialta ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh, tacú le straitéisí níos spriocdhírithe maidir le comhlíonadh cánach agus cuidiú le riaracháin chánach rioscaí a shainaithint ag céim luath.

Tá an Coimisiún tar éis infheistíocht shubstaintiúil i meastachán ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh — maidir le cánacha indíreacha agus díreacha — a fhorbairt, a chomhordú agus tacú léi ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás cánacha díreacha, ar cás é ina n-úsáidtear modheolaíochtaí, foinsí sonraí, cumhdach cáiníocóirí agus tréimhsí tuairiscithe éagsúla go minic, rud a chuireann teorainn le hinchomparáideacht ach a chruthaíonn deiseanna le haghaidh malartú modheolaíochta freisin. Ó bhí 2021 ann, tá grúpa tionscadail Fiscalis, arna chistiú ag an Aontas, ag oibriú ar chreat coiteann a chruthú lena mbeifear in ann meastachán a dhéanamh ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh([10])([11]) . Thairis sin, tá roinnt Ballstát, amhail an Pholainn ([12]) agus an tSlóivéin ([13]), ag úsáid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil chun an meastachán ar an mbearna CIC i ndáil le comhlíonadh a neartú.

Maidir le cánacha indíreacha, mar thoradh ar chomhar Aontais, tá modheolaíocht chomhchoiteann ann cheana féin chun meastachán a dhéanamh ar an mbearna CBL i ndáil le comhlíonadh, agus tá na Ballstáit uile rannpháirteach sa chleachtadh uile-Aontais. In 2023, measadh go raibh an bhearna CBL san Aontas i ndáil le comhlíonadh cothrom le 9,5 % den dliteanas cánach CBL iomlán; ba mhór an éagsúlacht ó Bhallstát go chéile agus rinne roinnt tíortha feabhsuithe a thaifeadadh le himeacht ama ([14]). Anuas ar scrúdú a dhéanamh ar leibhéal na bearna atá ann faoi láthair, trí bhreathnú ar athruithe le himeacht ama, léirítear na hiarrachtaí náisiúnta chun an comhlíonadh a fheabhsú agus cuirtear ar a

---

[9] Le hiniúchtaí randamacha soláthraítear faisnéis atá ionadaíoch ó thaobh staidrimh de maidir le leitheadúlacht agus cineál an neamhchomhlíonta, agus úsáidtear iniúchtaí rioscabhunaithe chun cáiníocóirí a bhfuil dóchúlacht níos airde neamhchomhlíonta ag baint leo a shainaithint agus a imscrúdú. Is tábhachtach a lua go n-úsáidtear torthaí iniúchtaí randamacha freisin chun samhlacha roghnúcháin riosca a bhailíochtú agus a oiriúnú. Dá bhrí sin, le cláir mheastacháin maidir le bearnaí chánach, cuirtear bonn eolais faoi chodanna eile den eagraíocht ioncaim chun éifeachtúlacht an bhailithe cánach a mhéadú.

[10] Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach: An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Chánachas agus um an Aontas Custaim (2025). I dtreo cur chuige coiteann maidir le meastachán a dhéanamh ar an mbearna chánach san Aontas: Grúpa Tionscadail Fiscalis 008 — Tuarascáil chríochnaitheach. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. https://data.europa.eu/doi/10.2778/3068071.

[11] Ó bhí 2026 ann, tá tús curtha leis an dara timthriall den tionscadal. Áirítear ar na Ballstáit rannpháirteacha sa chéad timthriall agus/nó sa dara timthriall BE, EE, ES, FI, FR, HU, IT, LT, LU, MT, PL, PT, RO, SK agus SE don fhoghrúpa um cháin ioncaim phearsanta; CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FR, HU, IT, LU, PL, PT, RO, SK agus SE don fhoghrúpa um CIC; EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IT, LT, LV, MT, NL, PL, RO, SK agus SE don fhoghrúpa um chalaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh; agus BE, CZ, EE, FR, HR, IE, IT, LT, MT, PL, PT, RO, SK agus SE don fhoghrúpa um ríomhthráchtáil. Tá an tSeoirsia anois ina ball de na foghrúpaí um cháin ioncaim phearsanta agus um CIC freisin don dara timthriall den tionscadal.

[12] Tionscadal TSI 2023 'Feabhas a chur ar Acmhainneacht na Polainne Measúnú Níos Fearr a Dhéanamh ar an nGeilleagar Dubh agus Gníomhú ina Choinne', 2024-2026

[13] Tionscadal TSI 2021 'Riarachán na cánach ioncaim corparáidí sa tSlóivéin a fheabhsú', 2022-2023

[14] Féach an Coimisiún Eorpach, Syntesia, Poniatowski, G., Bonch-Osmolovsky, M., Śmietanka, A. et al., *VAT gap in Europe — Report 2025* [An bhearna CBL san Eoraip — Tuarascáil 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2778/7868422

gcumas do na húdaráis measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart atá déanta. Le tuairisciú digiteach, cláir airgid thirim ar líne, tuairisceáin CBL réamhlíonta agus uirlisí digiteacha eile, is féidir an inrianaitheacht agus an comhlíonadh a fheabhsú. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag forbairt, ag tástáil agus ag iniúchadh a modheolaíochtaí chun meastachán a dhéanamh ar bhearnaí dleachtanna máil, le tacaíocht ó ghrúpa tiomnaithe saineolaithe ó níos mó ná 20 Ballstát, chun taithí mhodheolaíoch a mhalartú agus chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le meastacháin tacú níos fearr le hobair oibríochtúil (féach freisin roinn 3.1).

Tá tuilleadh iarrachtaí fothaithe acmhainneachta idir lámha chun na bearnaí CIC i ndáil le comhlíonadh a mheas ar fud an Aontais, i gcomhthéacs tírdhreach cánach corparáidí atá ag athrú. Tá modheolaíocht mhaicreacnamaíoch nua forbartha ag an gCoimisiún chun an bhearna CIC i ndáil le comhlíonadh a dhíorthú trí úsáid a bhaint as sonraí cuntas náisiúnta agus as meastacháin ar an ngeilleagar neamhbhreathnaithe arna dtáirgeadh ag oifigí staidrimh náisiúnta, rud a fhágfaidh go mbeidh creat coiteann ar fáil chun meastachán a dhéanamh ar bhearnaí CIC i ndáil le comhlíonadh sna Ballstáit uile. Léirítear sna meastacháin is déanaí go bhfuil meánbhearna ann de thart ar 9,2 % d'ioncam CIC arna bhailiú in 25 Bhallstát, cé gur mór idir na tíortha ó thaobh an ráta de, agus ba cheart na hathruithe bliain ar bhliain a léirmhíniú go cúramach. Ní chuirtear san áireamh leis an modheolaíocht, áfach, aon chaillteanas ioncaim ó phleanáil ionsaitheach cánach trasteorann ná ó aistriú brabúis idirnáisiúnta, ós rud é gurb iondúil go léirítear brabúis i gcuntais náisiúnta tar éis an leithdháileadh brabúis trasteorann a bheith déanta. Chun anailís a dhéanamh ar chaillteanais ioncaim den sórt sin, tá gá le fianaise chomhlántach agus modheolaíochtaí comhlántacha, lena n-áirítear obair ar chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis ([15]). De réir mar a thagann athrú ar thírdhreach na cánach corparáidí mar thoradh ar chur chun feidhme rialacha Cholún 2 ECFE — agus ina dhiaidh sin, mar thoradh ar chur chun feidhme an Omnibus maidir le cánachas agus athmhúnlú na Treorach maidir le Comhar Riaracháin, a luaithe a ghlacfar iad — ní mór uirlisí measúnaithe a fhorbairt, lena n-áirítear iad a fhorbairt trí raon feidhme na meastachán ar an mbearna CIC a leathnú chun réimsí eile seachas an geilleagar neamhbhreathnaithe a chumhdach.

2.2 Faireachán a dhéanamh: Feabhas a chur ar cháilíocht an tuairiscithe ar chaiteachas cánach

Is forálacha speisialta iad caiteachais chánach sa chód cánach, atá ceaptha gníomhaíochtaí áirithe a spreagadh nó a bheith chun leasa grúpaí áirithe, agus fágann siad go ndéantar laghduithe d'aon ghnó ar ioncam cánach an rialtais. In ionad tacaíocht a chur ar fáil trí chaiteachas díreach, is féidir leis an rialtas tacaíocht airgeadais indíreach a thabhairt do dhaoine aonair nó do ghnólachtaí trína n-ualach cánach a laghdú. Dá bhrí sin, is éard atá i gcaiteachais chánach imeachtaí ón gcóras cánach tagarmhairc, lena dtugtar cóir

[15] Chun plé mionsonraithe a fháil ar mhodheolaíocht JRC maidir leis an mbearna CIC i ndáil le comhlíonadh, agus na toimhdí agus teorainneacha a bhaineann léi, féach an Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Chánachais agus um an Aontas Custaim (2025), *The Corporate Income Tax Gap: A European approach to measuring losses in corporate tax revenues* [An Bhearna san Ioncam ó Cháin Corparáideach: Cur chuige Eorpach i leith caillteanais ioncaim ó cháin chorparáideach a thomhas].

fhabhrach amhail rátaí laghdaithe, díolúintí etc. do cháiníocóirí sonracha, d'earnálacha sonracha nó do ghníomhaíochtaí sonracha.

Tá sé ríthábhachtach an caiteachas cánach sin a thuairisciú, mar a shainordaítear i gcreat rialachais fhioscaigh an Aontais, chun dul i ngleic le heasnamh trédhearcachta bunúsach. Murab ionann agus cláir caiteachais dhírigh amhail fóirdheontais nó deontais, de ghnáth ní bhíonn formheas parlaiminteach bliantúil ag teastáil le haghaidh caiteachais chánach. A luaithe a ritear reachtaíocht ina leith, leantar díobh mura ndéantar iad a aisghairm go gníomhach nó a chúlghairm le clásal éagtha. Is féidir tuairisciú ar chaiteachas cánach a úsáid chun an neamhshiméadracht sin a cheartú agus trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú. Chun léargas cuimsitheach ar chaiteachas fioscach náisiúnta a áirithiú, ceanglaítear le creat rialachais fhioscaigh an Aontais tuairisciú mionsonraithe ar thionchar an chaiteachais cánach ar ioncam ([16]).

Tá difríochtaí móra idir na tuarascálacha náisiúnta ar chaiteachas cánach san Aontas ó thaobh ábhair, mionsonraí agus cáilíochta de. Cuireann roinnt Ballstát tábla amháin i láthair d'ioncam measta a tarscaoileadh ó chaiteachas cánach in iarscríbhinn a ghabhann leis an mbuiséad, ach gan faisnéis chomhthéacsúil bhreise. Foilsíonn Ballstáit eile tuarascálacha ar chaiteachas cánach ina bhfuil faisnéis mhionsonraithe maidir leis na forálacha cánach ábhartha uile agus meastacháin ilbhliantúla ar ioncam tarscaoilte.

Is minic a bhíonn castacht chánach bhreise ann mar gheall ar líon mór forálacha maidir le caiteachas cánach. Tuairiscíonn an Ghréig níos mó ná 1 000 foráil maidir le caiteachas cánach. Tuairiscíonn an Phortaingéil níos mó ná 700 foráil, tuairiscíonn an Iodáil níos mó ná 600 foráil agus tuairiscíonn an Fhrainc agus an Pholainn níos mó ná 400 foráil chánach an tír.

Tarlaíonn sé go mbíonn tionchar fioscach nach beag ag caiteachais chánach ar bhuiséid rialtais. Mar gheall ar dhifríochtaí i gcórais chánach agus i modhanna tuairiscithe araon, tuairiscítear go bhfuil raon ioncaim tharscaoilte ó chaiteachais chánach ann, ó 0,4 % den OTI in Éirinn go 14 % den OTI san Ísiltír. Méid ard ioncaim tharscaoilte ó chaiteachais chánach, ní gá go gciallódh sé go bhfuil na bearta sin iomarcach nó neamhéifeachtach. Bíonn an t-ioncam tarscaoilte measartha ard uaireanta freisin mar gheall ar an leibhéal caighdeánach cánachais a bheith ard nó mar gheall ar raon feidhme an tuairiscithe ar chaiteachas cánach a bheith an-fhairsing ([17]).

Tá dúshláin mhodheolaíochta mhóra ag baint le meastacháin ar chaiteachas cánach a chomhiomlánú agus a chur i gcomparáid de réir catagóirí, Ballstát agus tréimhsí ama. Cé gur féidir na figiúirí foriomlána a ríomh trí fhorálacha aonair a shuimiú, ba cheart na meastacháin sin a léirmhíniú go cúramach. Ar an gcéad dul síos, tarlaíonn sé go mbíonn áibhéil ag baint leo maidir le gnóthachain ioncaim fhéideartha, toisc go bhfuil riosca ann, i gcás

[16] Le Treoir 2011/85 ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát, arna leasú le Treoir 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024, forordaítear an tuairisciú ar chaiteachas cánach in Airteagal 14(2).

[17] Tarlaíonn sé go meastar gur forálacha struchtúracha iad forálacha cánach costasacha agus, dá bhrí sin, go n-eisiatar iad ón tuairisciú. Go hidéalach, phléifí forálacha struchtúracha sa tuairisciú ar chaiteachas cánach freisin. San Ísiltír, cuimsítear sa tuairisciú na forálacha uile atá ábhartha go fioscach.

comhiomlánú simplí, go ndéanfar forálacha forluiteacha a chomhaireamh faoi dhó. Ní chuirtear san áireamh le meastacháin ach oiread freagairtí iompraíochta as a n-eascraíonn leibhéil níos ísle bailithe. Ina theannta sin, ní féidir sciar ábhartha d'fhorálacha maidir le caiteachas cánach a chainníochtú ([18]). Ar deireadh, tá éagsúlacht mhór sa tuairisciú ó Bhallstát go chéile, ag brath ar an sainmhíniú atá acu ar chaiteachais chánach ([19]).

2.3 Meastóireacht a dhéanamh: A áirithiú go bhfuil an caiteachas cánach costéifeachtach

Leis an gcánachas is féidir dreasachtaí cumhachtacha a sholáthar a chuidíonn le rialtais raon cuspóirí beartais a shaothrú, ach d'fhéadfadh sé nach é an cánachas an uirlis is costéifeachtaí i gcónaí le himeacht ama. Is gá anailís chúramach a dhéanamh ar cé acu is úsáideach nó nach úsáideach iad dreasachtaí cánach chun cuspóir beartais áirithe a bhaint amach. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh go tráthrialta ar na costais, na tairbhí agus na rioscaí a bhaineann le caiteachais chánach. Leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le dreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, leagtar amach prionsabail i ndáil le dearadh éifeachtach creidmheasanna cánach agus dímheas luathaithe le haghaidh infheistíocht ghlan, atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair AE. Iarrtar ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na bearta a dhéanann siad agus moltar dóibh meastóireacht rialta a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart agus dea-chleachtais a chomhroinnt ([20]). Ar bhonn níos leithne, chun cuidiú le spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla, tugtar le tuiscint leis an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar chaiteachais chánach a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don chomhshaol agus a thugann na dreasachtaí míchearta do truaillitheoirí.

Tá sé ríthábhachtach a thuiscint cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na caiteachais chánach atá ann cheana na spriocanna beartais dá raibh siad beartaithe. Tá gá le hathbhreithniú tráthrialta chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear luach ar airgead leis na bearta atá i bhfeidhm. Ar an gcaoi sin, is féidir an bealach a réiteach d'athchóirithe. Mar shampla, is ceanglas ar an rialtas le rialacha buiséid na hÍsiltíre é caiteachais chánach a mheastar a bheith neamhéifeachtach a dhíothú, a ghearradh siar nó údar a thabhairt leo.

---

[18] D'fhéadfadh forálacha maidir le caiteachas cánach a bheith neamhchainníochtaithe d'aon ghnó nó toisc nach féidir meastachán a dhéanamh ina leith. Mar shampla, d'fhéadfadh forálacha a bheith gan cainníochtú toisc go bhfuil siad beag, teicniúil nó struchtúrach, nó toisc go bhfuil siad sainordaithe ag an Aontas. Tá roinnt forálacha ann nach féidir a mheas toisc nach ann d'aon sonraí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh sonraí ar fáil i bprionsabal ach go bhfuil sé róchostasach iad a bhailiú le haghaidh foráil ar leith. Sampla de shonraí nach bhfuil ar fáil is ea díolúine ioncaim ó ghníomhaíochtaí áirithe. Ós rud é nach dtuairiscítear an t-ioncam, ní féidir aon mheastachán a dhéanamh ar ioncam tarscaoilte.

[19] Tá samplaí ann de rátaí laghdaithe CBL a bheith á sainmhíniú mar chuid den tagarmharc nó, os a choinne sin, tá samplaí den liúntas bunúsach ioncaim nó den chaillteanas corparáideach atá le tabhairt ar aghaidh a bheith á shainmhíniú mar chaiteachas cánach, cé go measann formhór na dtíortha gur forálacha struchtúracha iad sin.

[20] https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/clean-industrial-deal_ga

Más ann do mhéid ard ioncaim tharscaoilte, is mó an gá atá le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcaiteachas cánach. Cé gur gníomhaíocht faireacháin go príomha é caiteachais chánach a chainníochtú, feidhmíonn an fhaisnéis ina dhiaidh sin mar ionchur fíor-riachtanach chun meastóireacht a dhéanamh ar chaiteachais chánach, agus chun a thuiscint an bhfuil na forálacha oiriúnach dá gcuspóir agus an bhfuil luach ar airgead ag baint leo. D'fhéadfadh samhlacha micrea-ionsamhlaithe amhail EUROMOD ([21]) a bheith ina n-uirlis úsáideach chun meastóireacht a dhéanamh ar roghanna beartais malartacha.

2.4 Comhtháthú: Oibríochtaí riaracháin cánach a uasghrádú

Tá infheistíocht mhór déanta ag go leor Ballstát i leathadh amach uirlisí digiteacha agus tá tús curtha acu le IS a chur chun feidhme dá n-oibríochtaí tosaigh agus cúil araon; mar sin féin, is dúshlán fós é claochlú digiteach na riarachán cánach ar fud an Aontais. Cuireann córais TF leagáide agus próisis atá as dáta bac ar an dul chun cinn. Is é an príomhdhúshlán ina measc sin róspleáchas ar chomhlíonadh deonach, rud a chruthaíonn ualach trom riaracháin do cháiníocóirí. Ba cheart do na Ballstáit prionsabal an chomhlíonta trí dhearadh agus prionsabal an chánachais gan uaim a leabú i bpróisis chun an comhlíonadh a shimpliú agus chun ualaí na gcáiníocóirí a laghdú. ([22]).

Dúshlán breise nach beag do na Ballstáit is ea infhaighteacht sonraí leordhóthanacha, cruinne agus ardcháilíochta chun tacú le riarachán cánach éifeachtach. Mar thoradh ar dhroch-cháilíocht sonraí, lagaítear measúnuithe ar chomhlíonadh, ord tosaíochta rioscaí agus forfheidhmiú. An tráth céanna, bíonn éilimh bhreise ann mar gheall ar an méadú ar dhigiteáil an riaracháin cánach, ós rud é go mbraitheann córais dhigiteacha nua-aimseartha agus creataí tuairiscithe fíor-ama ar shonraí struchtúracha, caighdeánaithe agus iontaofa. Nuair atá na sonraí neamhleor, cuirtear bac ar chomhtháthú, ar phróiseáil éifeachtúil agus ar aschuir thráthúla. Bíonn deacrachtaí ag riaracháin chánach freisin déileáil leis an méadú ar an líon sonraí agus na sonraí sin a phróiseáil go héifeachtach, rud a chuireann teorainn lena gcumas tairbhiú go hiomlán den chomhar riaracháin ([23]). Ar an iomlán, mar gheall ar dhroch-cháilíocht sonraí agus méideanna arda sonraí, laghdaítear an trédhearcacht maidir le dliteanais chánach agus an tuiscint ar a dtionchar níos leithne ar oibríochtaí gnó, rud a chuireann srian ar chumas na n-údarás cánach cinntí straitéiseacha agus beartais eolasacha a dhéanamh.

Ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar chomhtháthú eacnamaíoch na hEorpa, is féidir teacht i dtír ar dhifríochtaí idir córais chánach náisiúnta chun gabháil do chalaois, imghabháil cánach nó seachaint cánach. Is gné mhór den choireacht chánach í gníomhaíocht trasteorann, go háirithe calaois CBL. Is gnáthchineál calaoise CBL í calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh, a bhaineann le hidirbhearta trasteorann agus a bhaineann go minic le grúpaí nó líonraí coireachta eagraithe. Is féidir dul i

[21] BAILE | EUROMOD

[22] Féach an iarscríbhinn mhodheolaíoch chun mínithe breise a fháil.

[23] Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht ar chreat an Aontais le haghaidh comhar riaracháin CBL, COM (2025) 686 final an 14.11.2025 agus Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht ar Threoir 2011/16/AE ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais, COM (2025) 695 final an 19.11.2025.

ngleic leis an gcineál sin calaoise trí chomhordú níos dlúithe idir na Ballstáit agus trí uirlisí comhtháite faireacháin ar idirbhearta agus sonraí — réimse a chumhdaítear leis an bpacáiste CBL sa Ré Dhigiteach (ViDA) a glacadh in 2025. Dá bhrí sin, le comhar níos dlúithe idir na húdaráis chánach agus comhtháthú na sreafaí sonraí atá taobh thiar den bhailiú cánach, is féidir cuidiú leis na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann le calaois nó mí-úsáid cánach eile a laghdú. Is tosaíocht de chuid an Choimisiúin é freisin an comhar idir na Ballstáit agus gníomhaithe frithchalaoise an Aontais a neartú mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar an Ailtireacht Frithchalaoise (AFA), arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar lúba ar lár a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais.

Tá roinnt Ballstát ag streachailt fós le méideanna móra leanúnacha d'fhiacha cánach gan bailiú. Is laige chriticiúil fós é an aisghabháil fiach cánach, agus tá ag teip ar go leor riarachán dliteanais gan íoc a bhailiú. I bhfianaise mhéideanna arda an fhiachais cánach gan íoc i roinnt Ballstát, tá acmhainneacht nach beag ann an bailiú ioncaim a mhéadú trí na méideanna sin a aisghabháil sula dtiontaíonn siad ina méideanna nach féidir a bhailiú. Tá feidhmíocht mhíchothrom i mBallstáit an Aontais trí chéile mar thoradh ar dhifríochtaí i gcreataí dlíthiúla agus riaracháin. I suirbhé 2025 de chuid an Aontais, mar aon le haiseolas ó riaracháin náisiúnta, leagtar béim ar an ngéarghá le sásraí aisghabhála intíre agus trasteorann araon a neartú chun déileáil leis an méadú ar líon na n-iarrataí.

3. Gníomhú: Gníomhaíochtaí beartais a ghlacadh

Is léir ó na dúshláin go bhfuil níos mó ná iarrachtaí tíortha aonair ag teastáil chun dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí a leagtar amach thuas. Is mór idir na gníomhaithe ábhartha sna Ballstáit trí chéile agus laistigh díobh, rud a léiríonn éagsúlacht institiúideach. Cé go bhfuil gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta fíor-riachtanach fós, is féidir le comhar níos dlúithe ar leibhéal an Aontais cuidiú le dlús a chur leis an dul chun cinn. Trí thaithí agus dea-chleachtais a chomhroinnt, is féidir leis na Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na bearnaí cánach a laghdú agus an comhlíonadh a fheabhsú.

Tá gá le muinín fhrithpháirteach agus rannpháirtíocht leanúnach chun gníomhaíocht a dhéanamh den chomhar. Is bealach chun muinín a chothú é comhar institiúidithe idir riaracháin chánach. Is den ríthábhacht é an rannpháirtíocht pholaitiúil chun tosaíochtaí coiteanna a bhunú agus chun an móiminteam a choinneáil ar bun, agus cuireann an comhar riaracháin agus teicniúil ar a gcumas do na Ballstáit taithí a mhalartú, sonraí a chomhroinnt, agus réitigh phraiticiúla ar dhúshláin choiteanna a fhorbairt go comhpháirteach.

Tá an Coimisiún réidh chun tacú leis an bpróiseas sin. Is éard atá i gceist leis an tacaíocht idirphlé struchtúracha a éascú, foghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn, agus cuidiú leis na Ballstáit dea-chleachtais a shainaithint agus a scaipeadh. Leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach thíos, is féidir tacú freisin le freagairt éifeachtach ar mholtaí tírshonracha agus ar mholtaí maidir leis an limistéar euro arna n-eisiúint laistigh de thimthriall comhordaithe beartais an tSeimeastair Eorpaigh.

3.1 Acmhainneacht chomhchoiteann a fhorbairt chun na bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a mheas trí mhodhanna stóinseacha agus chun inchomparáideacht mhodheolaíoch a chur chun cinn

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag na Ballstáit le blianta beaga anuas chun bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a mheas, tá gá le hiarrachtaí móra breise chun an diagnóisic a fheabhsú, chun uirlisí a neartú, agus, ar deireadh, chun éifeachtacht an bhailithe ioncaim a fheabhsú. Is réamhriachtanas é measúnú níos láidre a dhéanamh ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh, lena n-áirítear a scála agus na bunchúiseanna agus na spreagthaí atá leo, chun go rachaidh rialtais — ar an leibhéal fonáisiúnta freisin i gcás inarb ábhartha — i ngleic leis na bearnaí sin agus chun éifeachtúlacht a n-oibríochtaí a fheabhsú. Trí thorthaí na hanailíse ar bhearnaí cánach a chomhtháthú i dtimthriall bainistithe riosca an neamhchomhlíonta — mar shampla trí cháiníocóirí ardriosca a shainaithint, trí dhíriú ar idirghabhálacha agus trí bhonn eolais a chur faoi chinntí foirne — is féidir bainistiú an chomhlíonta cánach a neartú a thuilleadh. Chun bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a laghdú, tá gá le cur chuige straitéiseach a mbeidh cuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha ag baint leis.

Is gá feabhas a chur ar mhodhanna, ar cháilíocht sonraí agus ar inchomparáideacht na meastachán ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh sna Ballstáit trí chéile chun tacú le beartas cánach agus riarachán cánach a bheidh bunaithe ar fhianaise. Le modhanna feabhsaithe, feabhsaítear stóinseacht agus bailíocht na meastachán ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh. Cuireann meastacháin inchomparáide ar a gcumas do na Ballstáit a bhfeidhmíocht a thagarmharcáil le hais piaraí, réimsí láidreachta agus laige coibhneasta a shainaithint, agus malartú dea-chleachtas a éascú san am céanna. Ina theannta sin, cuirtear bonn níos láidre ar fáil leo don lucht ceaptha beartas chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí an neamhchomhlíonta agus chun tús áite a thabhairt do réimsí lena n-athchóiriú.

Leis an taithí ar mheastachán a dhéanamh ar an mbearna CBL i ndáil le comhlíonadh, léiríodh go bhfuil tairbhí ag baint le cur chuige comhchuibhithe a úsáid, agus tá an cur chuige sin á fhorbairt anois freisin le haghaidh dleachtanna máil. Tacaíonn an Coimisiún Eorpach le forbairt agus mionchoigeartú leanúnach modheolaíochta comhchoitinne chun meastachán a dhéanamh ar bhearnaí CBL i ndáil le comhlíonadh sna Ballstáit uile. Trí shainmhínithe, foinsí sonraí, toimhdí agus nósanna imeachta meastacháin aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm, cuireann an mhodheolaíocht comparáidí fóinteacha ar fáil idir na Ballstáit uile thar thréimhse ama. Is uirlis luachmhar anois iad na meastacháin a tháinig as sin chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí i ndáil le comhlíonadh, chun meastóireacht a dhéanamh ar bhearta beartais agus chun réimsí a shainaithint ina bhféadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh feabhsuithe. Is cineál eile cánach iad dleachtanna máil lenar féidir sainmhínithe, foinsí sonraí agus toimhdí aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm, cé go bhfuil gá le faisnéis thírshonrach bhreise chun na torthaí a léirmhíniú.

Ós rud é go bhfuil cánacha díreacha níos ilchineálaí ná cánacha indíreacha, tá sé i bhfad níos dúshlánaí comparáidí trastíre a dhéanamh. Tá an Coimisiún ag tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí chun feabhas a chur ar mhodhanna agus ar inchomparáideacht ó bhí 2021 ann. Ar an leibhéal náisiúnta, tá roinnt Ballstát ann nach ndéanann meastachán ach ar chomhpháirteanna sonracha den neamhchomhlíonadh, ach déanann Ballstáit eile iarracht an bhearna cánach fhoriomlán i ndáil le comhlíonadh a ghabháil. Mar sin féin, tá deis ann uirlisí agus modhanna a fhiosrú nach n-éilíonn rialacha cánach comhchuibhithe.

Le tionscnaimh an Aontais, lena bhféachtar le feabhas a chur ar an acmhainneacht mheastacháin maidir le bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh agus lena bhféachtar le comhsheasmhacht mhodheolaíoch níos fearr a chur chun cinn, cuirtear bonn láidir ar fáil d'fhothú acmhainneachta luasghéaraithe. A bhuí leis na hiarrachtaí comhpháirteacha ó bhí 2021 ann, tá dul chun cinn maith déanta maidir leis an obair chun creat comhchoiteann um meastachán ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a shainiú agus a chur chun feidhme. Is féidir le saineolaithe dul i ngleic go comhoibríoch le réimse leathan dúshlán (a bhaineann le cáin ioncaim phearsanta, CIC, CBL (go háirithe Calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag Trádálaí ar Iarraidh agus ríomhthráchtáil) agus mál) trí thaithí a chomhroinnt, trí fhoghlaim óna chéile, agus trí iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le hinaistritheacht agus inchomparáideacht níos fearr.

Gníomhaíocht 1 (na Ballstáit): Acmhainneacht an mheastacháin ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a fhorbairt agus a neartú i gcineálacha cánach trí chéile agus an meastachán ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a chomhtháthú i mbainistiú straitéiseach na riarachán cánach. *Ba cheart do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh, i gcás inar gá, i saineolas, daoine agus scileanna tiomnaithe i ndáil le bearnaí cánach, agus gníomhaithe ábhartha a nascadh in aireachtaí airgeadais, riaracháin chánach, riaracháin chustaim agus institiúidí staidrimh. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar réimsí nach bhfuil an tomhas chomh forbartha céanna iontu. Áirítear leis sin bearnaí cánach díreacha, go háirithe i gcás bearnaí ioncaim cánach pearsanta. Ba cheart bearnaí dleachtanna máil do chatagóirí táirgí atá neamhchosanta ar rioscaí ábhartha náisiúnta maidir le comhlíonadh a thomhas freisin, agus faireachán a dhéanamh orthu. Go sonrach, i gcás nach bhfuil cainníochtú iomlán indéanta go fóill le haghaidh bearnaí dleachtanna máil, ba cheart do na Ballstáit príomhspreagthaí na gcaillteanas ioncaim agus na calaoise a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu le himeacht ama.*

Gníomhaíocht 2 (na Ballstáit): Na sonraí náisiúnta agus na bunúis mhodheolaíochta chun meastachán a dhéanamh ar bhearnaí cánach a neartú. *Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar shainaithint, infhaighteacht agus cáilíocht na sonraí a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar bhearnaí cánach, agus na modheolaíochtaí, na foinsí sonraí agus na srianta is bun lena meastacháin a dhoiciméadú. Thacódh sé sin le meastacháin náisiúnta níos stóinsí agus d'éascódh sé malartú modheolaíochta agus inchomparáideacht ar leibhéal an Aontais.*

Gníomhaíocht 3 (an AE): **Leanúint de na hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar chruinneas agus inchomparáideacht na n-iarrachtaí náisiúnta, agus leanúint,**

san am céanna, de na hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais chun na bearnaí dleachtanna máil le haghaidh tobac, alcóil agus breosla a chainníochtú sna Ballstáit trí chéile. *Le tacaíocht ón Aontas agus comhar teicniúil i measc na mBallstát, neartófar stóinseacht na modheolaíochtaí, cothófar foghlaim fhrithpháirteach níos tapa agus éascófar scaipeadh éifeachtach dea-chleachtas maidir le meastachán a dhéanamh ar bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh. Ba cheart don Ghrúpa Fiscalis atá ar bun faoi láthair a bhíonn ag plé le bearnaí i ndáil le comhlíonadh maidir le cáin ioncaim phearsanta, CIC, CBL, agus go háirithe maidir le Calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag Trádálaí ar Iarraidh agus ríomhthráchtáil, ba cheart don ghrúpa sin, atá i bhfeidhm le 5 bliana anuas, leanúint den dul chun cinn sa réimse sin. Ba cheart do na Ballstáit freisin leanúint den obair ar mheastacháin ar bhearnaí dleachtanna máil a fhorbairt. Tá meastacháin ar bhearnaí dleachtanna máil á bhforbairt ag an gCoimisiún, agus feidhmíonn a mhodheolaíochtaí mar bhunús don phlé teicniúil leis na Ballstáit. Déanfaidh foirne anailíseacha na mBallstát scrúdú ar na modheolaíochtaí sin. Faoi dheireadh 2027, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin, i gcomhar leis na Ballstáit, ar an acmhainneacht atá ann modheolaíochtaí ón mbun aníos a fhorbairt agus an obair anailíseach sa réimse sin a leathnú, agus ar an gcaoi sin, an bealach a réiteach do mheastachán stóinseach cuimsitheach ar bhearnaí dleachtanna máil.*

3.2 Faireachán rialta cuimsitheach agus tuairisciú trédhearcach a dhéanamh ar chaiteachais chánach

Is mór idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann le minicíocht, ábhar faisnéise agus trédhearcacht fhoriomlán an tuairiscithe ar chaiteachas cánach. Tá líon an-ard beart caiteachais cánach ag roinnt Ballstát agus is minic a bhíonn an t-ioncam tarscaoilte mar gheall ar na bearta sin mór go leor, rud a fhágann go bhfuil impleachtaí nach beag ann don airgeadas poiblí agus do chastacht chánach araon. Sa chomhthéacs sin, tá sé fíor-riachtanach tuairisciú rialta, cuimsitheach agus córasach a áirithiú a bheidh ar fáil don phobal freisin.

Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit faisnéis leormhaith a sholáthar lenar féidir trí cheist bhunúsacha a fhreagairt faoi aon chaiteachas cánach a thuairiscítear: (i) cé mhéad a chosnaíonn sé, (ii) cé a thairbhíonn de, agus (ii) an mbaineann sé amach an cuspóir dá raibh sé beartaithe([24]) ? Ba cheart a áireamh san fhaisnéis an cuspóir beartais sonraithe tráth an achtacháin, an sásra caiteachais cánach (díolúine, ráta laghdaithe etc.), na tairbhithe, agus méid an ioncaim bhliantúil a tarscaoileadh. Go hidéalach, ba cheart tuairisc a bheith inti freisin ar an tagarmharc agus nasc le cláir chaiteachais dhíreacha choibhéiseacha. Chun trédhearcacht bhuiséadach a áirithiú, ba cheart a áireamh sna tuarascálacha ar chaiteachas cánach forálacha struchtúracha a bhfuil impleachtaí ioncaim thar a bheith ard acu, i bhfianaise a n-ábharthachta.

Gníomhaíocht 4 (na Ballstáit): Feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar cháilíocht na sonraí a úsáidtear le haghaidh meastacháin ar chaiteachas cánach agus tuarascálacha mionsonraithe bliantúla ar chaiteachas cánach a fhoilsiú. *Is minic a bhíonn easpa sonraí*

[24] Mar sin féin, ba cheart an figiúr sin a léirmhíniú go cúramach, ós rud é go gcuireann difríochtaí i dtagarmharcanna cánach náisiúnta agus i modheolaíochtaí meastacháin teorainn le hinchomparáideacht an ioncaim tuairiscithe a tharscaoiltear ar fud na mBallstát. Féach freisin fonóta 1.

ina príomhbhac ar thomhas iomchuí caiteachais cánach. Ba cheart na tuarascálacha sin a bheith chomh cuimsitheach agus is féidir agus faisnéis mhionsonraithe ar an leibhéal soláthair a bheith iontu, agus ba cheart iad ioncam tarscaoilte a chainníochtú nuair is féidir, agus cúiseanna a léiriú nuair nach ndéantar aon chainníochtú. Is inmhianaithe comhtháthú a dhéanamh sa phróiseas buiséadach.

Gníomhaíocht 5 (an AE): Treoraíocht a fhorbairt maidir le tuairisciú ar chaiteachais chánach. *Agus leas á bhaint as dea-chleachtais, is é a dhéanfadh an méid sin an ceanglas dlíthiúil chun tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachais chánach a oibríochtú, is é sin, an ceanglas a bhunaítear leis an Treoir maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha([25]) na mBallstát.*

3.3 Athbhreithniú agus meastóireacht rialta a dhéanamh féachaint an bhfuil caiteachais chánach i gcomhréir leis na tosaíochtaí beartais

Is minic nach ndéantar athbhreithniú córasach ar chost-éifeachtúlacht na gcaiteachas cánach. Is féidir caiteachais chánach a bheith bunaithe ar chuspóirí beartais dlisteanacha. Mar sin féin, murab ionann agus caiteachas díreach, atá faoi réir údarú parlaiminteach, iniúchadh tréimhsiúil, agus spriocanna feidhmíochta foilsithe, níl na sásraí cuntasachta sin ag roinnt le formhór mór na gcaiteachas cánach. Tuairiscíonn formhór na mBallstát costais ioncaim mheasta na gcaiteachas cánach, ach ní thugann an cineál tuairiscithe sin léargas ar cé acu atá nó nach bhfuil cuspóir caiteachais cánach atá ann cheana á bhaint amach ar bhealach costéifeachtach. Is é an toradh air sin easnamh rialachais struchtúraigh: déantar acmhainní poiblí, atá inchomparáide ó thaobh scála de le príomhchláir chaiteachais, a leithdháileadh in éagmais próiseas córasach lena measúnaítear an mbaineann siad a gcuspóirí amach nó an bhfuil luach ar airgead ag baint leo. I ré ina bhfuil brú maidir le comhdhlúthú fioscach agus éilimh iomaíocha ar bhuiséid phoiblí, ní hamháin gur ábhar imní maidir le trédhearcacht é sin, is fadhb freisin é ó thaobh beartais fhioscaigh de.

Is inmhianaithe próiseas meastóireachta institiúidithe a bheith ann le haghaidh caiteachais chánach([26]) . Le meastóireacht ní mór dhá cheist faoi gach foráil a fhreagairt: (i) an bhfuil a cuspóir sonraithe á bhaint amach aici, agus (ii) an bhfuil na costais comhréireach? Is samhail phraiticiúil é cur chuige cisealta, amhail an cur chuige a cuireadh i bhfeidhm le creat L1/L2/L3 na hÉireann agus *Toetsingskader* na hÍsiltíre ([27]). Déantar athbhreithniú cáilíochtúil struchtúrach ar gach foráil maidir lena réasúnaíocht agus lena spriocghrúpa, agus cuirtear anailísí cainníochtúla níos doimhne i bhfeidhm de réir a chéile os cionn tairseacha fioscacha

[25] Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát, arna leasú le Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024.

[26] D'fhoilsigh an tArdán um Chomhar maidir le Cáin sé Phrionsabal um Dhreasachtaí Cánach. Le Prionsabal 6.3, sonraítear gur cheart 'clár le haghaidh meastóireacht thréimhsiúil, inchreidte agus phoiblí a áireamh sa reachtaíocht maidir le dreasachtaí'.

[27] Leagtar cur chuige na hÉireann amach i Meastóireachtaí ar Chaiteachas Cánach — Treoirlínte Nuashonraithe (2024). Mínítear cur chuige na hÍsiltíre ar an suíomh gréasáin tiomnaithe a bhaineann le rialacháin bhuiséid náisiúnta (Samhail 4.55).

sainithe. Dá bhrí sin, is ann do na huirlisí anailíseacha agus tá siad seanbhunaithe. Is éard atá ag teastáil gealltanas polaitiúil chun iad a chur i bhfeidhm go córasach sna Ballstáit uile.

Tá gá le roinnt roghanna deartha criticiúla chun meastóireachtaí ar chaiteachais chánach a institiúidiú. Sainorduithe meastóireachta atá fréamhaithe sa dlí, tá siad níos marthanaí ná féinghealltanais pholaitiúla. Thairis sin, formhaoirseacht atá láraithe i gcóngar na hAireachta Airgeadais, tá sé sin níos oibiachtúla ná a bheith ag brath ar aireachtaí líne ar chun a leasa é forálacha sonracha a chaomhnú. Ní mór iarmhairtí infhorfheidhmithe a bheith ag gabháil le torthaí meastóireachtaí.

Gníomhaíocht 6 (na Ballstáit): Creat dlíthiúil nó creat riaracháin a bhunú lena leagtar síos ceanglas go ndéanfaí meastóireacht thréimhsiúil ar chaiteachais chánach ar bhonn leanúnach, formhaoirseacht neamhspleách a neartú agus comhar a chothú i measc comhlachtaí náisiúnta. *Trí chreat meastóireachta institiúideach a chruthú, áirithítear meastóireacht tráthrialta ar chaiteachais chánach, rud a neartaíonn an fhormhaoirseacht dhaonlathach agus a chinntíonn go mbainfidh na bearta a gcuspóir amach ar bhealach costéifeachtach. Ina theannta sin, d'fhéadfaí meastóireachtaí a áireamh nó a nascadh le hathbhreithnithe ginearálta ar chaiteachas. D'fhéadfadh Institiúidí Fioscacha Neamhspleácha nó uasfhorais iniúchóireachta, mar shampla, tuilleadh forbartha modheolaíochta agus athbhreithnithe a dhéanamh ar thuairisciú agus meastóireacht ar chaiteachais chánach mar chuid den phróiseas buiséadach. D'fhéadfadh comhar (mar shampla, comhar i meitheal bhuan) idir gníomhaithe náisiúnta ábhartha (mar shampla, an Aireacht Airgeadais, an riarachán cánach agus an oifig staidrimh) na hiarrachtaí sin a neartú a thuilleadh.*

3.4 An claochlú digiteach a dhoimhniú

Chun cur leis an dul chun cinn atá déanta ar na mallaibh maidir le riaracháin chánach a dhigiteáil, tá claochlú digiteach breise fíor-riachtanach chun laigí struchtúracha a réiteach agus chun bearnaí cánach leanúnacha a laghdú. Bíonn córais chánach thraidisiúnta ag brath ar cháiníocóirí a gcánacha a thuairisciú, a ríomh agus a íoc go deonach agus go cruinn. Toisc a chasta atá roinnt córais chánach, tá sé éasca ar cháiníocóirí earráidí a dhéanamh agus méadaítear a n-ualach i ndáil le comhlíonadh. Leis an aistriú chuig comhlíonadh trí dhearadh, tugtar próisis chánach níos gaire do phróisis nádúrtha (ghnó) na gcáiníocóirí, agus fágann sé sin go laghdaítear an fhéidearthacht go mbeadh earráidí nó calaois ann. Mar shampla, le córais 'íoc mar a thuilleann tú' (ÍMAT) — ina ndéanann fostóirí cánacha a choinneáil siar — laghdaítear earráidí agus rioscaí calaoise. Ar an iomlán, is céim mhór chun cinn sa treo ceart iad na hiarrachtaí digiteála go dtí seo, ach ní leor iad go fóill toisc nach bhfuil córais chánachais gan uaim á mbaint amach go hiomlán leo. Chun an luach is fearr is féidir a bhaint as an gclaochlú digiteach, is gá glacadh go hiomlán leis na cuir chuige, *comhlíonadh trí dhearadh* agus *cánachas gan uaim*, chun próisis riaracháin a nuachóiriú agus dlús a chur leis na hiarrachtaí sna réimsí seo a leanas:

Gníomhaíocht 7 (na Ballstáit agus an AE): Próisis náisiúnta a bharrfheabhsú agus córais dhigiteacha a chomhtháthú laistigh den Aontas: *Sula ndéanfar an digitiú, ba cheart do na Ballstáit athmhachnamh a dhéanamh ar na sreafaí oibre oibríochtúla agus iad a shimpliú.*

B'fhearr na próisis a leabú i gcórais na gcáiníocóirí, rud a d'fhágfadh go mbeadh cáiníocóirí ina rannpháirtithe gníomhacha sa riarachán cánach. Ba cheart do na Ballstáit fáil réidh le córais TF ilroinnte agus ardáin dhigiteacha chomhtháite a chur ina n-ionad lena gcumhdófar príomhfheidhmeanna uile an riaracháin cánach. Ina theannta sin, cuirfidh sé sin feabhas ar chomhsheasmhacht sonraí, laghdóidh sé dúbláil agus cuirfidh sé stop le hdirghabhálacha de láimh. Le himeacht ama, tá córais dhigiteacha neamhspleácha curtha chun feidhme ceann ar cheann ag an Aontas de bhun cineálacha éagsúla reachtaíochta cánach. Dá ndéanfaí na córais sin a chomhtháthú trí úsáid a bhaint as IS agus as teicneolaíochtaí cumasúcháin eile, laghdófaí na costais don Aontas agus do na Ballstáit araon, dhéanfaí an phróiseáil sonraí níos éifeachtaí agus d'fhéadfadh sé go laghdófaí ualaí riaracháin na gcáiníocóirí.

3.5 Próiseáil sonraí agus úsáid sonraí a bharrfheabhsú

Dúshlán atá ag méadú do riaracháin chánach is ea próiseáil agus úsáid sonraí a bharrfheabhsú. Tá an-tábhacht ag baint le sonraí ardcháilíochta le haghaidh measúnuithe riosca agus sainaithint cáiníocóirí. Dá thapa agus dá chruinne a bheidh údarás fioscach in ann an méid ceart cánach atá dlite ag cáiníocóir ar leith a chinneadh, is ea is fearr a bheidh sé in ann dul i ngleic go tapa le dúshláin maidir le comhlíonadh. Cuideoidh na gníomhaíochtaí seo a leanas le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhlíonta a bhaineann le sonraí:

Gníomhaíocht 8 (na Ballstáit agus an AE): Creat aontaithe um shonraí cánach agus anailís riosca a thógáil a bheidh bunaithe ar an intleacht shaorga. *Ba cheart do na Ballstáit córais sonraí cánach chomhtháite a fhorbairt, arna gcumasú ag an intleacht shaorga, lena nascfar faisnéis chánach dhíreach agus indíreach chun cros-seiceálacha, anailís riosca fíor-ama agus brath níos tapúla calaoise, imghabhála agus seachanta cánach a chumasú. Ba cheart, níos mó agus níos mó, próisis uathoibrithe a chur in ionad sreafaí oibre de láimh, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé de chumas ag na córais bratach a chur le rioscaí, sonraí ag teacht isteach a phróiseáil agus tacú le freagairtí tráthúla, agus a áirithiú, san am céanna, go mbeidh an rochtain ar shonraí fós cuspóirshonrach, dleathach, comhréireach agus faoi réir fhormhaoirseacht éifeachtach an duine. Ar leibhéal an Aontais, le hailtireacht níos láraithe, a bheadh bunaithe ar úsáid chaighdeánaithe sonraí agus arna daingniú le huasghráduithe struchtúracha, lena n-áirítear faoi athmhúnlú na Treorach maidir le Comhar Riaracháin (TCR), ba cheart cuidiú le haghaidh a thabhairt ar ilroinnt agus ar neamhréireachtaí sna córais náisiúnta trí chéile. Le réitigh um shonraí comhroinnte, a bheadh ag cur le huirlisí amhail CESOP agus TNA (Anailís ar Líonraí Idirbheart) EUROFISC, ba cheart an anailís riosca chomhpháirteach a neartú agus é a chur ar a gcumas do na húdaráis cánach faisnéis a mhalartú agus forfheidhmiú a chomhordú ar bhealach níos éifeachtaí. Ar deireadh, le fíorú feabhsaithe UAC agus sásraí feabhsaithe aiseolais, ba cheart feabhas a chur ar shainaithint cáiníocóirí agus ar cháilíocht sonraí. Thacódh an cur chuige sin le mí-úsáid chánach a bhrath ar bhealach níos réamhghníomhaí, iniúchtaí a chuíchóiriú agus comhar a threisiú i measc údaráis chánach ar fud an Aontais.*

3.6 Feabhas a chur ar bhailiú agus aisghabháil cánach

Tá neamhéifeachtúlachtaí i roinnt Ballstát maidir le bailiú cánach, rud a fhágann go bhfuil leibhéil arda fiachais cánach gan bailiú (féach Roinn 2.4 thuas). Dá bhrí sin, tá sé

ríthábhachtach an aisghabháil fiach cánach a neartú. Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'fheabhas a chur ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an bailiú — trí nósanna imeachta éifeachtúla, uirlisí digiteacha, agus IS (faoi réir coimircí) — chun bearnaí i ndáil le comhlíonadh a laghdú agus chun ioncam gan íoc a aisghabháil.

Le reachtaíocht an Aontais([28]) soláthraítear do na Ballstáit na modhanna chun cúnamh a thabhairt dá chéile trí fhaisnéis a mhalartú, trí fhógra a thabhairt faoi dhoiciméid, agus trí éilimh chánach a aisghabháil thar ceann Ballstát eile. Níor cheart cúnamh aisghabhála idir na Ballstáit faoi Threoir 2010/24 ón Aontas (agus idir Ballstát agus tríú tír faoin gcomhaontú idirnáisiúnta ábhartha) a úsáid ach amháin i gcás nach bhfuil an dara rogha ann, is é sin, nuair nach bhfuil aon rogha intíre eile fágtha nó nuair atá sé cruthaithe go bhfuil na roghanna sin deacair thar na bearta. Is é a chiallaíonn sé sin gurb iondúil a bhaineann iarrataí ar chúnamh aisghabhála le cásanna aisghabhála atá casta agus deacair, ar cásanna iad ina bhfuil sé deacair fós éilimh chánach a fhorfheidhmiú. I measc na samplaí ina n-iarrtar cúnamh aisghabhála tá easpa sócmhainní inrochtana, cásanna dócmhainneachta nó díospóidí.

Gníomhaíocht 9 (na Ballstáit): An aisghabháil cánach a neartú trí lárú, comhar agus bainistíocht éifeachtúil. *Chun feabhas a chur ar aisghabháil fiach cánach, ba cheart do na Ballstáit na feidhmeanna aisghabhála a lárú agus a chomhtháthú, rud a áiritheoidh go mbeidh rochtain iomlán ag na húdaráis ar shonraí cáiníocóirí ar mhaithe le fiachas cánach a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Trí chomhar níos dlúithe le gníomhaireachtaí dócmhainneachta agus cúirteanna — go háirithe i gcásanna calaoise — cuideofar le haisghabhálacha a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí. Cuirfear feabhas ar rath na haisghabhála ach dlús a chur le measúnuithe agus díospóidí trí rialacha níos simplí, imscrúduithe níos tapúla, agus próisis dhlíthiúla chuíchóirithe. Tá sé ríthábhachtach freisin an cúnamh frithpháirteach uile-Aontais a neartú. Ní mór do na Ballstáit freagairt go pras d'iarrataí ar aisghabháil, rianú sócmhainní trasteorann a fheabhsú le rochtain fíor-ama ar shonraí, agus na bearnaí oibríochtúla idir na húdaráis chánach agus na húdaráis dócmhainneachta a dhruidim. Leis na bearta sin cuirfear feabhas ar éifeachtúlacht an bhailithe, laghdófar caillteanais ó dhócmhainneachtaí agus áiritheofar forfheidhmiú níos cothroime ar fud an Aontais.*

4. Conclúid

Ní féidir leis an Eoraip neamhaird a thabhairt ar bhearnaí cánach. Gach bliain, caillteann níos mó ná EUR 200 billiún in ioncam cánach san Aontas trí bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh. Gach euro atá dlite agus nach mbailítear, is euro é nach féidir a infheistiú san iomaíochas, san athléimneacht, agus san aistriú glas agus san aistriú digiteach.

Bealach cliste agus éifeachtach chun feabhas a chur ar an airgeadas poiblí is ea na bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a laghdú: Trí bhearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a thomhas agus trí fhoinsí an neamhchomhlíonta a aimsiú, is féidir leis na Ballstáit níos mó ioncaim cánach a bhailiú gan iallach a bheith orthu na rátaí cánach a mhéadú. Chuige sin, ba

[28] Treoir 2010/24/AE maidir le cúnamh frithpháirteach i ndáil le héilimh a aisghabháil a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile.

cheart do na Ballstáit cur lena n-acmhainneacht chun bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh a thomhas agus na torthaí a úsáid chun straitéisí comhlíonta cánach a stiúradh. Ar leibhéal an Aontais, tá an Coimisiún réidh chun rannchuidiú le hoibriú i dtreo modhanna inchomparáide agus chun an phiarfhoghlaim a chumasú. Nuair a bhíonn na bearnaí cánach i ndáil le comhlíonadh níos ísle, laghdaítear an brú ar bhuiséid, cruthaítear níos mó spáis d'infheistíocht agus cothaítear muinín níos mó i gcothroime ár gcóras cánach.

Ba cheart do na Ballstáit rialachas an chaiteachais cánach a dhéanamh níos doichte trí, mar shampla, rátaí cánach laghdaithe, díolúintí cánach d'earnálacha áirithe, creidmheasanna cánach nó dreasachtaí cánach eile. San Aontas ina iomláine, tarscaoiltear thart ar EUR 750 billiún d'ioncam gach bliain i gcaiteachais chánach a thuairiscíonn na Ballstáit. Nuair a dheartar go maith iad, le huirlisí amhail creidmheasanna cánach agus dreasachtaí cánach eile — amhail iad siúd a mholtar faoin gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan nó faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta — is féidir tosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn amhail an nuálaíocht agus an t-aistriú glan. Mar sin féin, gan rialuithe leordhóthanacha, d'fhéadfaidís scaipeadh agus d'fhéadfadh go mbainfí an bonn dá gcostéifeachtúlacht le himeacht ama. Le tuairisciú agus meastóireacht rialta tugtar léargas ar cé acu atá nó nach bhfuil caiteachais chánach fós oiriúnach dá bhfeidhm agus fós ag soláthar luach ar airgead. Mura bhfuil, ní mór an toil pholaitiúil a bheith ann chun iad a ghearradh siar. Ní hé an cuspóir atá ann deireadh a chur le dreasachtaí éifeachtacha, ach a áirithiú go mbeidh údar le díolúintí, rátaí laghdaithe nó creidmheasanna, go mbeidh siad spriocdhírithe agus go mbeidh siad ailínithe leis na tosaíochtaí beartais. Cuidíonn sé sin le buiséid náisiúnta agus an éifeachtacht beartais a chosaint.

Is é a bheidh ann amach anseo riaracháin chánach atá níos comhtháite agus níos sonraíbhunaithe, agus a mbeidh sásraí bailithe agus aisghabhála éifeachtacha acu. Is rómhinic a bhíonn dúshláin fós le sárú ag na Ballstáit maidir le cáilíocht agus úsáid sonraí, bailiú agus aisghabháil cánach, agus stoic mharthanacha d'fhiachas gan bailiú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur le claochlú digiteach a riarachán cánach, feabhas a chur ar an gcáilíocht sonraí agus an anailís riosca, agus an aisghabháil fiach cánach a neartú. Is féidir cuidiú lena áirithiú go mbaileofar na cánacha atá dlite, agus go laghdófar, san am céanna, na hualaí ar cháiníocóirí comhlíontacha, trí chórais TF níos comhtháite, úsáid níos cliste sonraí agus IS, comhar trasteorann níos láidre agus nósanna imeachta aisghabhála níos éifeachtaí. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é gur gné thábhachtach den choireacht chánach í an ghníomhaíocht trasteorann, go háirithe calaois CBL. Ba é Calaois Trasteorann laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag Trádálaí atá ar Iarraidh, aisti féin, ba chúis le thart ar 1-3 % d'ioncam CBL tarscaoilte in aghaidh na bliana le linn na tréimhse ó 2010 go 2023, is é sin, idir EUR 12,5 billiún agus EUR 32,5 billiún ([29]). Is sampla rathúil é tionscnamh ViDA maidir leis an gcaoi a bhféadfadh digiteáil chliste agus comhar méadaithe idir na húdaráis chánach cuidiú le

[29] Féach an Coimisiún Eorpach, CASE, Poniatowski, G., Śmietanka, A., agus Skowronek, A., *VAT compliance gap due to Missing Trader Intra-Community (MTIC) Fraud — Final Report Phase II*, [Bearna CBL i ndáil le comhlíonadh mar gheall ar Chalaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag Trádálaí ar Iarraidh — Céim II den Tuarascáil Chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2778/6433841.

próisis a shimpliú agus le rioscaí agus deiseanna i ndáil le calaois nó mí-úsáid cánach eile a laghdú.

Más mian leis an Eoraip athléimneacht níos fearr agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as airgead poiblí, ní mór di aird níos mó a thabhairt ar an gcaoi a mbailítear ioncam agus beart a dhéanamh chun é a fheabhsú. Is é an bunús atá leis an Teachtaireacht seo anailís chuimsitheach de réir tíre. Leagtar amach inti bealach praiticiúil chun cinn do na Ballstáit chun a gcórais chánach agus a riarachán cánach a neartú agus don Choimisiún chun borradh a chur faoin acmhainneacht chun a áirithiú go mbainfear sineirgí amach. Tugtar spreagadh polaitiúil léi don tionscnamh 'Seachain an Bhearna', rud a chuireann ar a gcumas don lucht ceaptha beartas agus do riaracháin chánach freagairt, coigeartú, dul chun cinn a rianú go rialta agus ceachtanna a fhoghlaim.

Leis an tionscnamh dírítear ar chur ar fáil agus ar chur chun feidhme. Cruthaítear leis droichead praiticiúil, ó dhiagnóisic bheartais go tacaíocht cur chun feidhme. An-chuid de na gníomhaíochtaí atá beartaithe, is treoraíocht do na Ballstáit a bheidh iontu maidir le beartas a chur chun feidhme, agus soláthrófar leo dea-chleachtais is féidir a úsáid trí thacaíocht theicniúil, fothú acmhainneachta agus piarfhoghlaim.

Leis an tionscnamh 'Seachain an Bhearna', cuirtear sprioc an tsimplithe sa chleachtas chun cinn. Le prionsabail amhail 'comhlíonadh trí dhearadh' agus 'cánachas gan uaim', déantar an comhlíonadh cánach a leabú i ngnáthphróisis ghnó, rud a laghdaíonn an t-ualach riaracháin. Mar thoradh air sin, bíonn costais chomhlíontachta níos ísle ar ghnólachtaí, rud atá ábhartha go háirithe maidir le FBManna agus a spreagann fás trasteorann. Ar an gcaoi chéanna, le faireachán agus meastóireacht níos fearr ar chaiteachais chánach, mar aon le cuíchóiriú na gcaiteachas sin, tacaítear le córais chánach níos simplí agus níos trédhearcaí, lena mbaineann costais chomhlíontachta níos ísle.